


NON STATUTORY PUBLIC CONSULTATION
SCHEME UPDATE & EMERGING PREFERRED OPTION

MAY 2021

## Scheme Overview

Fingal County Council has been working in collaboration with Meath County Council and Transport Infrastructure Ireland to develop a multi-modal transport scheme along a section of the N3 between the M50 and Clonee with a focus on improving long term access to public transport and reducing existing and future congestion issues. Consulting engineers, ROD-AECOM, have been appointed by Fingal County Council to undertake the required studies and designs.

## What's Happening Now?

Work on the final stages of the Option Selection is nearly complete. This non-statutory consultation provides an update on the Option Selection process to date and seeks feedback and observations from the public and stakeholders in relation to the Emerging Preferred Option for the scheme. Further statutory consultation will be held in the next phase of design and assessment of the scheme.

## Emerging Preferred Option

The option which performed the most favourably in the options assessment was DS2 Central Median Widening. The provision of an additional lane in each direction on the mainline carriageway will reduce congestion, improve access to public transport, and improve safety on the N3. The use of the existing wide median will minimise impacts on adjacent land. This option provided a significant overall benefit in terms of traffic flow and improveding journey time reliability of public transport. Improvements are planned to the Inbound Bus Lane as a complementary measure alongside the DS2 Central Median Widening option.

## What Happens Next?

Following this consultation, the Options Selection process will be finalised, and the 'Preferred Option' will then be published later this year. Preliminary Design of the Preferred Option will follow, during which more detailed plans and junction arrangements will be developed, and the environmental assessment and statutory orders will be prepared for submission to An Bord Pleanála. Detailed surveys and investigations will also be carried out, the extent of the land required for the scheme will be determined, and further adaptations considered for adjacent schemes such as Bus Connects.

## Your Involvement

The Emerging Preferred Option non-statutory public consultation period will run between 24th May and 11th June 2021. The final date for receipt of all submissions is 11.59pm on the 11th June 2021. Please examine the Emerging Preferred Option, and let us know your comments via the Fingal County Council consultation portal (https://consult.fingal.ie/browse), or by post to the following address:

Senior Executive Officer,
Planning and Strategic Infrastructure Department,
Fingal County Council,
County Hall, Main Street,
Swords, Co. Dublin,
K67 X8Y2

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

TII
Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

comhairle chontae na mí
meath county council

Comhairle Contae
Fhine Gall
Fingal County
Council




COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ NEAMHREACHTÚIL
NUASHONRÚ SCÉIME AN ROGHA IS DEALRAITHÍ A ROGHNÓFAR

BEALTAINE 2021

## Forléargas ar an Scéim

Tá Comhairle Contae Fhine Gall i ndiaidh a bheith ag obair i gcomhar le Comhairle Contae na Mí agus le Bonneagar Iompair Éireann chun scéim iompair ilmhódaigh a fhorbairt feadh stráice den N3 idir an M50 agus Cluain Aodha agus é mar aidhm rochtain fhadtéarmach ar iompar poiblí a fheabhsú agus deacrachtaí brú tráchta atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a laghdú. Tá na hinnealtóirí comhairleacha, ROD-AECOM, ceaptha ag Comhairle Contae Fhine Gall chun an staidéar agus na dearaí riachtanacha a dhéanamh.

## Céard atá ag tarlú anois?

Tá an obair ar na céimeanna deireanacha a bhaineann leis an Roghnú beagnach críochnaithe. Soláthraíonn an comhairliúchán neamhreachtúil seo nuashonrú maidir leis an bpróiseas Roghnaithe Roghanna go dáta agus lorgaítear aiseolas agus breathnóireachtaí ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara maidir leis an Rogha is Dealraithí a Roghnófar don scéim. Reáchtálfar tuilleadh comhairliúcháin reachtúil don chéad chéim eile de dhearadh agus de mheasúnú na scéime.

## An Rogha is Dealraithí a Roghnófar

Ba í an rogha ar a raibh an rath is mó sa mheasúnú ar na roghanna DS2 Leathnú Airmheáin Ar an mBóthar. Laghdóidh soláthar lána breise sa dá threo ar an débhealach príomhlíne an brú tráchta, feabhsóidh sé rochtain ar iompar poiblí, agus feabhsóidh sé sábháilteacht ar an N3. Trí úsáid a bhaint as an airmheán leathan atá ann cheana féin íoslaghdófar na tionchair ar an talamh in aice láimhe. Bhain buntáiste suntasach leis an rogha seo i ndáil le sruth tráchta agus d'fheabhsaigh an rogha seo iontaofacht am taistil iompair phoiblí. Tá sé beartaithe feabhsuithe a dhéanamh ar an Lána Bus Isteach mar bheart comhlántach taobh le rogha Leathnú Airmheáin Ar an mBóthar DS2.

## Céard a dhéanfar anois?

I ndiaidh an chomhairliúcháin seo, cuirfear an próiseas Roghnaithe Roghanna i gcrích, agus foilseofar an 'Rogha is Dealraithí a Roghnófar' níos déanaí sa bhliain. Ansin leanfar le Réamhdhearadh na Rogha is Dealraithí a Roghnófar, agus forbrófar pleananna níos mionsonraithe agus socruithe acomhail, agus ullmhófar an mheasúnacht timpeallachta agus na horduithe reachtúla agus cuirfear faoi bhráid an Bhoird Pleanála iad. Chomh maith leis sin, déanfar suirbhéanna agus imscrúduithe mionsonraithe, cinnfear an méid talún a theastaíonn don scéim, agus breithneofar tuilleadh oiriúnuithe le haghaidh scéimeanna in aice láimhe cosúil le Bus Connects.

## Do Ról sa Phróiseas

Is í an tréimhse idir an 24 Bealtaine agus an 11 Meitheamh 2021 an tréimhse atá luaite leis an gcomhairliúchán poiblí neamhreachtúil maidir leis an Rogha is Dealraithí a Roghnófar. Glacfar le haighneachtaí go dtí 11.59pm ar an 11 Meitheamh 2021. Scrúdaigh an Rogha is Dealraithí a Roghnófar, agus cuir do thuairimí in iúl dúinn ar thairseach chomhairliúcháin Chomhairle Contae Fhine Gall (https://consult.fingal.ie/browse), nó tríd an bpost chuig an seoladh seo a leanas:

An tOifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach,
An Roinn Pleanála agus Infreastruchtúir Straitéisigh,
Comhairle Contae Fhine Gall,
Áras an Chontae, An Phríomhshráid,
Sord, Co. Bhaile Átha Cliath,
K67 X8Y2

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

comhairle chontae na mí
*meath county council*

Comhairle Contae
Fhine Gall
Fingal County
Council